# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# 50

bliain an an bhfód

# Nollaig 2019

## Fáilte!!




Fáilte roimh na gasúir nua i Naíonáin Bheaga: Oisín, Joshua, Máirtín Óg, Caoimhe agus Sophie. Fáilte freisin roimh Leah (R5) Autumn (R3) agus Lauren (R2).




## Ranganna Ceol




Bíonn an ceoltoir Steve Sweeney istigh gach Dé Máirt ag déanamh ranganna ceol linn. Tá grúpaí feadóige aige agus grúpa banna ceoil.

## Rás Tras Tíre 24/9/19



Ghlac Rang 3 – Rang 6 páirt sa rás tras tíre a bhí ar siúl i Rinn Mhóir arís i mbliana. Rith Rang 3 is 4 1000m agus Rang 5 is 6 1200m. Bhí siad in aghaidh bunscoileanna eile ó Ghaillimh. Bhí an-lá acu. Tá na torthaí le feiceáil i halla na scoile.

## Oscailt an Ghairdín Céadfach 11/10/19



Bhí deireadh seachtaine an-mhór againn i mbliana agus muid ag ceiliúradh caoga bliain ar an bhfód. Bhí oscailt oifigiúil agus beannú an Ghairdín Céadfach nua-thógtha ar an Aoine. Craoladh ar Raidió na Gaeltachta an seó Iris Aniar anseo agus bhí go leor gasúir agus a muintir ag caint air!

## Cluiche Peile 12/10/19



Bhí cluiche peile ag Páirc Peile Ros a' Mhíl idir iarscolairí na scoile agus cumann áitiúil. Bhí Múinteoir Mícheál ina a bhainisteoir ar Fhoireann Ros a' Mhíl agus bhí Joe Joe Mac Donnacha ina réiteoir ar an lá. Bhí an bua ag Ros a' Mhíl!!! agus bhí sólaistí sa scoil ina dhiadh sin.

## Leabhar 50 bliain a lainseáil 12/10/19



Ar oíche Dé Sathairn bhí cóisir Tí Terry, Ros a' Mhíl. Seoladh an leabhar ' Ceiliúradh 50 Bliain Scoil Cholmcille'. Tháinig slua mór agus bhí ceol le Cillín. Bhí an-oíche agus an-deireadh seachtaine go deo againn!

## Cúrsa Aireachais



Ghlac Rang 1 – Rang 6 páirt i gcúrsa 6 seachtaine Aireachas. D'fhoghlaim siad faoi mhachnamh agus bealach scíth a thógáil ó na buarthaí a bhíonn acu. Thaitin sé go mór le na gasúir.

**Cúrsa 'Roots of Empathy'**



Tugadh cuireadh dúinn ó Chlár Críochnú Scoile, Conamara Thiar Theas páirt a ghlacadh i gclár 'Roots of Empathy'. Múineann an clár seo do ghasúir faoi mhothúcháin, faoina mothúcháin féin agus faoi mhothúcháin daoine eile. Bhí trí seachtaine ag na bunranganna agus thaitin siad go mór leo.

## Stáisiúin na Samhna 24/10/19



Bhí Stáisiúin na Samhna againn sa scoil i mbliana. Tháinig gasúir ón Naíonra agus bhí siad ag dul timpeall na scoile ag glacadh páirt sna gníomhaíochtaí difriúil. Bhí muid ag ag imirt cluichí páirtí, ag cócaireacht, ag spraoí sa ghairdín céadfach, ag plandáil síolta sa polly tunnel, ag déanamh cártaí agus ag déanamh ealaíne. Bhí maidin iontach ag na gasúir uilig!!

## Cóisir Oíche Shamhna 25/10/19



Tháinig na gasúir isteach gléasta mar chailleachaí, vaimpírí, cnámharlaigh, dineasáir, púcaí agus Mrs Brown fiú! Bhí seó faisin agus páirtí againn. Is breá le na gasúir an lá seo!

## Liathróid Láimhe

Tá Micheál Dunne ar ais linn ag déanamh Liathróid Láimhe le Rang 2-Rang 6. Déanann sé ranganna le na gasúir gach Luan. Baineann siad an-sult astu!



## Boscaí Hope agus Simon



Tá muid fíor bhuíoch do chuile dhuine a thug isteach bosca bronntanais le hagaidh an feachtas 'Bosca Hope'. Bhailigh muid thart ar 30 bosca i mbliana! Agus buíochas do chuile dhuine a thug isteach rud éicint don feachtas 'Simon' a bhí eagraithe ag Leah. Nár laga Dia sibh!

## Gasúir ina bhfuil bainte amach acu



Comhghairdeas le Keelan Mac Donnacha, Fionn Mac Donnacha agus Seán Ó Murchú a bhí ar phainéal Faoi 12 An Cheathrú Rua a bhuaigh Sraith an Iarthair agus Sraith na Cathrach i mbliana. Maith sibh!



Ghlac Chaela páirt i rás 5 mhíle a bhí ar siúl sa Líonán le gairid. Tháinig sí sa dara háit i rás na ngasúir agus fuair sí bonn. An-jab Chaela!



Comhghairdeas le Diarmad a bhuaigh imreoir na bliana F12 do chumann peile Micheál Breathnach. Maith thú!

## Geamaireacht 'An Dara Réalt' 13/12/19



Chuaigh an scoil uilig chuig An Taidhbhearc i nGaillimh le haghaidh an geamaireacht 'An Dara Réalt' a fheiceáil; scéal bunaithe ar Peter Pan. Bhí an-lá ag na gasúir!

## An tAthair Seán 17/12/19



D' éirigh an tAthair Seán as an bpost mar chathaoirleach don Bord Bainistaíocht tar éis 12 bliain. Thug an páiste is sine, Sheona agus an páiste is óige, Oisín bronntanas dó ar son an bhord bainistíochta. Tá muid fíor bhuíoch dó as an obair, comhairle agus cúnamh ar fad le 12 mbliana anuas agus é ar an mBord Bainistíochta.

## Dráma na Nollag 18/12/19



Bhí Dráma na Nollag againn sa séipéal. Bhí gach duine ag breathnú go hálainn agus ag labhairt amach go soiléir! Bhí muid an-bhródúil astu!

## Lá Geansaithe na Nollag ar mhaithe le hOispidéal na bPáistí Crumlin 19/12/19



Bhí Lá Geansaithe na Nollag againn ar mhaithe le hOispidéal na bPáistí Crumlin. Tháinig an Naoínra agus bhí stáisiúin na Nollag againn. Rinne muid cártaí Nollag, Seacláid Te, Cluichí Nollag, Bia do na Réinfhia agus maisiúcháin na Nollag. Bhí an-spraoi againn!




# *Ag guí Nollaig Shona oraibh ar fad!*

Athoscailt: 6/1/20